

AN BORD  
ACHOMHAIRC  
UM  
CHEADÚNAIS  
DOBHAR-  
SHAOTHRAITHE



TUARASCÁIL  
BHLIANTÚIL  
2014

## AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

CLÁR ÁBHAR	LEATHANACH
Ráiteas an Chathaoirligh don Aire	3
Comhaltaí Boird & Eolas Ginearálta	4
Bunú an Bhoird	5
Feidhm / Stádas	5
Ballraíocht an Bhoird	5
Comhdhéanamh an Bhoird	6
Freagrachtaí	6
Comhairligh agus Comhairleoirí	7
Rúnaíocht	7
Gníomhaíochtaí Boird sa bhliain 2014	8
Achomhairc Faighte sa bhliain 2014	8
Athbhreithniú Breithiúnach	8
Achoimre Cinntithe	8

**RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH**  
**don**  
**AIRE TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA**

Is maith liom an Ráiteas seo a áireamh le seachtú tuarascáil déag an Bhoird i ndáil leis an tréimhse idir 1 Eanáir 2014 agus 31 Nollaig 2014.

B'ionann líon na gcruinnithe Boird a réachtáladhsa bhliain 2014 agus ocht gcinn:

Comhalta Boird	Líon na gCruinnithe ar ar
Iníon Imelda Reynolds	5/5*
An tUas. Brendan Brice	6/6*
An tUas. Michael Sweeney	7/8
An tUas. Sean Murphy	7/8
An tUas. Jim Power	6/8
An Dr. Owen McIntyre	4/8
An tUas. Lorcán Ó Cinnéide	5/8

*\*táscann an líon cruinnithe Boird ar ar fhreastail na baill agus a raibh siad incháilithe le freastal orthu.*

Fuair an Bord 11 achomharc i rith na bliana 2014.

I ndáil le ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, Dearbhaím go bhfuiltear i mbun gach nós imeachta iomchuí don tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus do dhiúscairtí sócmhainne. Aithním gurb é an Bord atá freagrach as An gCóras Rialála Airgeadais Inmheánaigh de chuid an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe dá dtagraítear I Mír 13 den Chód Cleachtais. Ina theannta sin, mar a iarradh faoi Mhír 12.1 den Chód Cleachtais, is féidir liom a dhearbhuí go bhfuil an Bord ag comhlíonadh gach ceann dá oibleagáidí faoin dlí cánach.

Tá fo-choiste amháin don Bhord -an Coiste Iniúchta- agus is mian liom mo bhreithmheas a thaifeadadh do shaothar an Choiste sin.

Aithním saothar na gcomhaltaí Boird, an Rúnaí don Bhord, na gComhairleoirí Teicniúla don Bhord agus dóibh siúd a sholáthair aon seirbhís eile don Bhord, agus gabhaim buíochas leo go léir (roimhe seo nó san am i láthair) as a seirbhís ó cheann ceann na bliana.



**Imelda Reynolds**  
**Cathaoirleach**

**XX** Deireadh Fómhair, 2015

## COMHALTAÍ BOIRD agus EOLAS GINEARÁLTA

<b>CATHAOIRLEACH:</b>	Iníon Imelda Reynolds (ceaptha 1/4/14)
<b>GNÁTH-CHOMHALTAÍ:</b>	An tUas. Sean Murphy An tUas. Lorcán Ó Cinnéide An tUas. Michael Sweeney An tUas. Brendan Brice (chuaigh ar scor 8/11/14) An tUas. Jim Power An Dr. Owen McIntyre
<b>RÚNAÍ:</b>	Iníon Dymphna Keogh (anuas go dtí Bealtaine 2014) Iníon Mary O'Hara (ó 1 Meán Fómhair 2014)
<b>SEOLADH OIFIGE:</b>	Cúirt Choill Mhinsí Bóthar Bhaile Átha Cliath Port Laoise Co. Laoise
<b>INIÚCHÓIRÍ:</b>	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Foirgneamh an Státhiste Caisleán Bhaile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2
<b>GUTHÁN:</b>	+353 (0) 57 8631912
<b>SEOLADH GRÉASÁIN:</b>	<a href="http://www.alab.ie">www.alab.ie</a>
<b>SEOLADH RÍOMHPHOIST:</b>	<a href="mailto:info@alab.ie">info@alab.ie</a>



## AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

### BUNÚ AN BHOIRD

Bunaíodh An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 1 Meitheamh 1998 faoi *Alt 22* den Acht lascaigh (Leasú), 1997 (arna leasú) ("Acht 1997"). Is ar bhonn páirtaimseartha atá gach ball Boird fostaithe.

### FEIDHM

Oibríonn an Bord faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is í feidhm an Bhoird chun údarás neamhspleách a sholáthar do chinntiú na n-achomharc i gcoinne chinntiábhartha an Aire i leith iarratas ar cheadúnas dobharshaothraithe. Aon duine ar éagóiríthe iad le cinneadh an Aire i leith iarratais éigin ar cheadúnas dobharshaothraithe, nó trí chúlghairm nó trí leasú ceadúnais dobharshaothraithe; is féidir leo achomharc a dhéanamh laistigh de mhí amháin ón bhfoilsíú (i gcás cinnidh) nó ó fhógairt (i gcás cúlghairme/leasaithe).

### STÁDAS

Is comhlacht neamhspleách é an Bord lena chistiú féin á fhoráil dó leis an Oireachtas faoi *Alt 36* d'Acht 1997.

### COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

I gcomhréir le hAlt 23(3) den Acht 1997, is féidir leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara rialacháin a dhéanamh chun nach lú ná dhá eagrais a fhorordú chun comhaltaí an Bhoird a ainmniú. Ba cheart go mb'ionadaíoch na heagrais úd do na dreamanna seo a leanas:

- (a) eagrais a bhaineann le cur chun cinn fhorbairt an dobharshaothraithe nó arb ionadaíoch iad do dhaoine a bhíonn i mbun fhorbairt an dobharshaothraithe;
- (b) eagrais a bhaineann le caomhnú, forbairt agus cosaint na n-iascach fiáin;
- (c) eagrais arb ionadaíoch iad do dhaoine a mbaineann a ngairmeacha nó a saothair leis an bpleanáil agus an fhorbairt fhisiciúil;
- (d) eagrais arb ionadaíoch iad do dhaoine a bhaineann le cosaint agus le caomhnú an chomhshaoil agus na gconláistí;
- (e) eagrais arb ionadaíoch iad do dhaoine a bhaineann le cothú na forbartha eacnamúla trí chéile agus
- (f) eagrais arb ionadaíoch iad do dhaoine a bhaineann le cothú na forbartha pobail.

## BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

Amhail mar a bhforáiltear faoi Alt 23 d'Acht 1997, is é Cathaoirleach agus seisear comhaltaí eile atá sa Bhord.

Cheap an Rialtas an Cathaoirleach, Iníon Imelda Reynolds, i gcomhréir le halt 23(2) d'Acht 1997, ar feadh téarma 5 bliana ó 1 Aibreán 2014 chuig 31 Márta 2019.

Ceapadh an tUas. Brendan Brice an 9 Samhain 2011 ar feadh tréimhse trí bliana síos go dtí 8 Samhain 2014. Tháinig téarma oifige an Uas. Brice chun críche i rith na bliana arna hathbhreithniú agus níor líonadh an folúntas a d'éirigh as sin ar an mBord go nuige seo. Aithníonn an Bord rannchur an Uas. Brice agus gabhann buíochas leis as a thiomantasdo shaothar an Bhoird i rith an théarma mar chomhalta Boid.

Ceapadh an tUas. Sean Murphy an g Eanáir 2013 ar feadh tréimhse chúig bliana, síos go dtí 31 Nollaig 2017.

Ceapadh Sweeney an tUas. Michael Sweeney an 13 Eanáir 2013 ar feadh tréimhse chúig bliana síos, go dtí 31 Nollaig 2017.

Ceapadh an tUas. Jim Power agus an Dr. Owen McIntyre an 11 Aibreán 2013 ar feadh tréimhse thrí bliana, síos go dtí 10 Aibreán 2016.

Ceapadh an tUas. Lorcan Ó Cinnéide ar feadh tréimhse thrí bliana idir 22 Deireadh Fómhair 2013 síos go dtí 21 Deireadh Fómhair 2016.

## FREAGRACHTAÍ

Is san Acht 1997 a mhionsonraítear na príomhfhreagrachtaí agus cumhachtaí a bhaineann leis an mBord, a dtugtar achoimre mar seo a leanas orthu:

Is faoi *Alt 40(4)* d'Acht 1997, ar fháil achomhairc ag an mBord agus ar an gcuntar nach dtarraingítear siar é, is féidir leis an mBord an t-achomharc a chinntiú:

- (a) ach cinneadh nó gníomh an Aire a dheimhniú;
- (b) trí chinntiú an iarratais don cheadúnas amhail is chun an Bhoird a dhéanfaí an t-iarratas sa chéad chéim; nó
- (c) trína chinneadh, i ndáil le cúlghairm nó leasú ceadúnais éigin, a ionadú i leithanábhair le ceann an Aire.

Faoi *Ailt 43 agus 44* d'Acht 1997 ní foláir don Bhord cóip den fhógra achomhairc a sheoladh chuig an Aire agus chuig gach páirtí eile leis an achomharc.

Faoi *Alt 6* d'Acht 1997, is féidir leis an mBord aighneachtaí nó tuairimí a iarraidh ó pháirtithe nó ó dhaoine eile a thaisc aighneachtaí nó tuairimí cheana féin leis an mBord i ndáil le hachomharc éigin, más í tuairim an Bhoird í, agus más amhlaidh sna himthosca, gur chun leas an cheartais í.

Faoi *Alt 47* den Acht 1997 is féidir leis an mBord cáipéisí, sonraí nó eolas eile a iarraidh agus a mheasann sé bheith riachtanach chun críche a chumasaithe chun achomharc a chinntiú.



Faoi *Alt 49* d'Acht 1997, bíonn lánrogha ag an mBord éisteacht béil a reáchtáil.

Faoi *Alt 56* d'Acht 1997 ní mór don Bhord a chinntiú go bpléitear le hachomhairc agus go gcinntítear iad go gasta agus go nglactar gach céim chun aon mhoill neamhéigeantach a sheachaint.

## COMHAIRLIGH AGUS COMHAIRLEOIRÍ

Faoi *Alt 35* den Acht, is féidir leis an mBord pé comhairleach a fhostú agus a mheasann sé bheith éigeantach do chomhlíonadh achuid feidhmeanna. Is é an Bord a íocann na táillí a dhlítear do cheachtar acu as na hairgid a chuireann an tOireachtas ar fáil. Le héifeacht ó 2 Meán Fómhair 2008 i leith is amhlaidh atá an Bord tar éis Comhairleoirí Teicniúla is comhairligh a earcú, agus coinneoidh sé air á n-earcú de réir mar ba ghá.

I gcaitheamh na bliana 2014 ab amhlaidh a d'fhostaigh an Bord seirbhísí *Aquafact International Services Ltd* agus *Altamar Ltd* chun cúnamh leo i mbreithniú na n-achomharc. Bíonn a gcuid tuairiscí ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird, [www.ALAB.ie](http://www.ALAB.ie)

## RÚNAÍOCHT

Faoi *Alt 32* den Acht, aon oifigeach leis an Aire ar státseirbhíseach bunaithe iad agus a thugtar ar iasacht don Bhord chun na críche sin, bíodh sé ar bhunús lán-aimseartha nó páirtaimseartha; is iad a fheidhmeoidh mar Rúnaí don Bhord. D'éirigh an Rúnaí páirtaimseartha Iníon Dymphna Keogh as an mBord mí na Bealtaine 2014, agus tháinig Iníon Mary O'Hara ina hionad i mí Mheán Fómhair 2014. Ba mhaith leis an mBord comhghairdeas a ghuí leis an Iníon Dymphna Keogh as a hardú céime chuig a ról nua agus gabhann buíochas leo as ucht a tacaíochta don Bhord agus í ar iasacht chuig an mBord. Fáiltíonn an Bord Freisin roimh Iníon Mary O'Hara chuig a hiasacht mar Rúnaí don Bhord, agus tá sé ag súil le bheith ag obair léi.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ BOIRD 2014

### ACHOMHAIRC AR LÁIMH AMHAIL 1 Eanáir 2014

Bhí dhá achomharc ar láimh ag an mBord ag tús na bliana 2014, eadhon tagairtí Achomhairc AP2/2013 agus AP6/2013.

Bhain 19 achomharc ann féin le **AP2/2013** i ndáil le hiarratais ar athnuachan ceadúnas ag an urthrá sa Chaoláire Rua, Contae na Gaillimhe. Choinnigh an Bord air ag dul i ngleic leis na hachomhairc úd i rith na bliana 2014, ach ní raibh sé tar éis teacht ar chinneadh i leith na n-achomharc faoi dheireadh na bliana.

Bhain **APG/2013** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire chun ceadúnas Dobharshaothraithe agus ceadúnas Urthrá comhcheangailte a dheonú do shaothrú oisrí an Aigéin Chiúin ag baint leasa as tristéil agus málaí ar dhá láithreán ag an urthrá i mBá Thráigh Éanach, Co. Dhún na nGall. Chinntigh an Bord an t-achomharc sin an 11 Márta 2014 trí dheimhniú chinneadh an Aire chun an Ceadúnas a dheonú.

### ACHOMHAIRC FAIGHTE LE LINN 2014

Fuair an Bord 11 achomharc i rith na bliana 2014.

Bhain **API/2104** le cinneadh an Aire ceadúnas Dobharshaothraithe agus Ceadúnas Urthrá comhcheangailte a dheonú do shaothrú diúilicíní, oisrí, muiríní agus



agus feamainne do láithreáin ar urthrú Loch Trasna, Co. Chorcaí. Chinntigh an Bord an 20 Bealtaine 2014 an tAchomharc agus d'aontaigh chun seasamh leis an gceadúnas a dheonaigh an tAire.

Bhain AP2/2104 le cinneadh an Airechun ceadúnas Dobharshaothraithe Sliogéisc agus Ceadúnas Urthrú comhcheangailte a dheonú do láithreáin ar urthrú Loch Trasna, Co. Chorcaí. Chinntigh an Bord an 20 Bealtaine 2014 chun seasamh leis an gceadúnas a dheonaigh an tAire, faoi réir athrú na dteorainneacha ag ceann amháin de na láithreáin.

Bhain AP3/2104 le cinneadh an Airechun ceadúnas Dobharshaothraithe Sliogéisc agus Ceadúnas Urthrú comhcheangailte a dheonú do shaothrú macra-algaí dúchasacha (*Alaria Esculenta*) ag láithreáin ar urthrú amach i mBá Bheanntaí, Co. Chorcaí. Chinntigh an Bord an tAchomharc an 4 Nollaig 2014, tríchomhaontúchun seasamh leisan gceadúnas arna dheonú ag an Aire.

Bhain AP4/2014 le 9 n-achomharc i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun Ceadúnais Dobharshaothraithe agus Urthrú a dheonú do shaothrú oisrí trí leas a bhaint as málaí agus tristéil arláithreán ag an urthrú i mBá Bheanntaí, Co. Chorcaí. Roghnaigh an Bord chun caitheamh le gach naoi n-achomharc i dteannta a chéile. Níor thángthas ar chinneadh i leith na n-achomharc faoi dheireadh na bliana arna hathbhreithniú ach thángthas ar chinntiú ina leith go gairid ina dhiaidh sin.

Bhain Achomharc APS/2014 i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun Ceadúnais Dobharshaothraithe agus Urthrú a dheonú do shaothrú Oisrí an Aigéin Chiúin agus Diúilicíní trí leas a bhaint as málaí agus tristéil ar láithreán ag an urthrú i mBá Mhic Suibhne, Co. Dhún na nGall. Chinntigh an Bord an t-achomharc an 2 Deireadh Fómhair 2014, trí chomhaontú chun seasamh leis an gceadúnas arna dheonú ag an Aire.

Bhain an t-achomharc deiridh a fuair an Bord, APG/2014 i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun Ceadúnais Dobharshaothraithe a dheonú do shaothrú Oisrí an Aigéin Chiúin trí leas a bhaint as málaí agus tristéil ar láithreán ag an urthrú i nGob an Choire, Co. Mhaigh Eo. Níor thángthas ar chinneadh i leith na n-achomharc faoi dheireadh na bliana arna hathbhreithniú ach thángthas ar chinntiú ina leith go gairid ina dhiaidh sin.

## IMEACHTAÍ DLÍ

I gcomhréir le hAlt 73 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, is féidir le duine iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach i leith chinntithe an Bhoird trí mheán iarratas breithiúnach, ar an gcuntar go ndéantar é laistigh den tréimhse trí mhí ag tosú an dáta a ndearnadh an cinntiú.

Tugadh athbhreithniú breithiúnach amháin chun críche i rith na bliana 2014 i gcás *Waterville Fisheries Development Ltd* i gcoinne An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe agus an tAire Talmhaíochta, Bia & Mara Marine agus (trí ordú) *Silver King Sea Foods Ltd T/A Marine Harvest Ireland* [2014] 7 JIC 2513. B'éard ba thoradh leis an gcás gur dhiúltaigh an Ard-Chúirt chun cead a dheonú chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach i ndáil le cinneadh an Bhoird ag deimhniú cinnidh ní ba luaithe ag an Aire chun ceadúnas sealadach a dheonú do leasú nósanna imeachta oibriúcháin ag feirm bhradán éigin, leis an gcinntiú nár léirigh an t-iarratasóir forais suntasacha lena bhféadfaí agóid rathúil a thabhairt in aghaidh bhailíocht an cheadúnais, cé go mba cheart don Bhord fáthanna scríofa a thabhairt as a mhainneachtain chun éisteacht béil a reáchtáil. Thug an Bord an cinneadh faoi deara agus leasaigh a phróisis dá réir.

## FORBAIRTÍ PLEANÁLA/DLÍ COMHSHAOIL

Tá beartas agus reachtaíocht comhshaoil atá ag éirí níos casta, chomh maith le corpas cásdlí éabhlóideach, ag feidhmiú tionchair nach beag ar an gcaoi ina bpléann an Bord le hachomhairc a thagann os a chomhair. Baineann go leor den chásdlí le Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus tá Measúnú Iomchuí faoi Treoir maidir le Gnáthóga tar éis teacht chuig lár an aonaigh le déanaí. Rinne an Bord



athbhreithniú ar a nósanna imeachta de réir mar ba chuí, agus rinne athruithe do phróisis i ndáil le stiúradh achomharc i bhfianaise na reachtaíochta ábhartha agus an chásdlí atá ag teacht aníos.

## ACMHAINNÍ

Chuaigh téarma oifige an iar-Chathaoirligh in éag i mí na Samhna 2013 agus ceapadh Cathaoirleach nua an 1 Aibreán 2014. Tugadh ardú céime don Rúnaí a tugadh ar iasacht don Bhord i mí 2014 agus ceapadh Rúnaí nua an 1 Meán Fómhair 2014.

## COMHAIRLIÚCHÁIN LE COMHLACHTAÍ EILE

Ní foláir don ALAB é féin a choinneáil ar an eolas i leith bheartais chomhlachtaí áirithe ag a mbíonn tionchar ag a bhfeidhmeanna ar a shaotharsan. Áirítear leo siúd ranna Rialtais eile. Reáchtáladh cruinniú i rith na bliana 2014 le hoifigigh na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta i ndáil le himpleachtaí Treorach maidir le Gnáthóga de chuid an AE i leith saothair an ALAB agus na n-achomharc os a chomhair.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá an Rialachas Corparáideach san ALAB deartha chun ceangaltais ábhartha an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit a leanúint, sa mhéid arb iomchuí í i bhfianaise mhéid bheag an chomhlachta. Tá an ALAB tiomanta chun a bheartais agus nósanna imeachta rialachais a athbhreithniú ar bhonn leanúnach chun comhlíonadh leanúnach leis an dea-chleachtas sa limistéar sin a chinntiú.

## RÁITIS DEIRIDH

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomh-Chomhaltaí Boird agus comhbhaill foirne, as ucht a ndianoibre, a dtacaíochta leanúnaí agus a ngairmiúlachais i rith na bliana 2014, agus leis na heagrais agus comhairligh éagsúla a sholáthraíonn seirbhís róluachmhar don ALAB. Beidh mé ag súil chun leanúint ar aghaidh ag obair eis an bhfoireann, leis na Comhaltaí Boird, agus leis an Roinn agus muid ag leanúint ar aghaidh le saothar ALAB sna blianta amach romhainn.





**An Bord Achomhairc um Cheadúnais  
Dobharshaothraithe**

**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**

# **An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe**

**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**

## **Leathanach na nÁbhar**

Comhaltaí Boird agus Eolas Ginearálta	3
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird	4
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	5
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	6
Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta	7
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	8
Clár Comhardaithe	9
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	10 - 12



**An Bord Achomhairc um Cheadúnais  
Dobharshaothraithe**

**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**

**Comhaltaí Boird agus Eolas Ginearálta**

**Comhaltaí an Bhoird:**

An tUasal Imelda Reynolds (Cathaoirleach -Ceaptha 1 Aibreán 2014)  
An tUasal Brendan Brice (D'éirigh as 8 Samhain 2014)  
An Dr Owen McIntyre  
An tUasal Sean Murphy  
An tUasal Lorcán Ó Cinnéide  
An tUasal Jim Power  
An tUasal Michael Sweeney

**Rúnaí:**

An tUasal Dymphna Keogh (D'éirigh as 23 Bealtaine 2014)  
An tUasal Mary O'Hara (Ceaptha 1 Mheán Fómhair 2014)

**Seoladh Gnó:**

Cúirt Choill  
Mhinsí  
Bóthar Bhaile  
Átha Cliath  
Port Laoise  
Co. Laoise

**Cuntasóirí:**

Anne Brady McQuillans DFK  
Iveagh Court  
Bóthar Fhearchair  
Baile Átha Cliath 2

**Baincéirí:**

Banc-Aontas  
Éireann  
100 Sráid Grafton  
Baile Átha Cliath 2

**Aturnaetha:**

O'Callaghan Kelly  
51 Sráid Mulgrave  
Dún Laoghaire  
Co. Bhaile Átha  
Cliath

# **An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe**

## **Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**

### **Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird**

Éilítear ar an mBord le hAlt 37 (1) den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 gnáthchuntais agus cuntais chearta a choimeád de gach airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caillteanais agus clár comhardaithe.

Ag ullmhú na ráiteas dó, ní mór don Bhord:

- beartais chuntasaíochta fheiliúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais a dhéanamh agus meastacháin a thabhairt atá réasúnta agus ciallmhar,
- aon imeacht ó chaighdeáin chuntasaíochta chuí a nochtadh agus a mhíniú, agus
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach seachas má tá sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Bord i mbun oibre.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le caighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo tríd is tríd in Éirinn. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird

---

Imelda Reynolds  
Cathaoirleach

---

Mary O'Hara  
Rúnaí an Bhoird



# **An Bord Achomhairc um Cheadúnaís Dobharshaothraithe**

## **Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**

### **Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais**

Thar ceann an Bhoird Achomhairc um Cheadúnaís Dobharshaothraithe, aithnímid an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais san eagraíocht. Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí faoi deara iad in achar ama tráthúil.

#### **Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe**

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialúcháin chuif a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a sócmhainní a chosaint.
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta.
- Gnólacht cuntasóirí seachtracha a cheapadh chun na córais rialaithe inmheánaigh a dhoiciméadú agus chun moltaí a dhéanamh maidir leis an gcóras a fheabhsú.
- Seachas na táillí dlí agus gairmiúla, tabhaítear formhór de chaiteachas an Bhoird ar luach saothair Chomhaltaí an Bhoird agus taisteal agus cothabháil. Íocann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tuarastal an rúnaí agus faigheann sé ar ais é ó leithdháileadh an Bhoird.

Tá gnólacht cuntasaíochta seachtrach fostaithe ag an mBord chun luach saothair Chomhaltaí an Bhoird a láimhseáil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat lena gcuimsítear faisnéis rialta don lucht bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leo go háirithe:

- Athbhreithniú rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais. Má thagann fadhb chun cinn, is féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh ansin maidir leis an ngníomh ceartaithe is gá a ghlacadh.

- Cruinnithe rialta den Bhord.

#### **Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**

Ní dhearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh in Eanáir 2015.

Thar ceann an Bhoird

---

Imelda Reynolds  
Cathaoirleach

---

Mary O'Hara  
Rúnaí an Bhoird

**An Bord Achomhairc um Cheadúnais  
Dobharshaothraithe**

**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**

**Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste**





## An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

#### An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 faoin Acht lascaigh (Leasú), 1997. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmháodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Ullmháodh na ráitis airgeadais san fhoirm a forordaíodh faoi alt 37 den Acht, agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

##### Freagrachtaí Chomhaltai an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar léiriú fíor agus cóir iontu ar staid ghnóthaí an Bhoird agus ar a ioncam agus caiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

##### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeáin Eitice an Bhoird Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí a chomhlíonadh.

##### Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Is éard a bhaineann le hiniúchadh, fianaise a fháil faoi shuímeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

cibé acu an cuí nach cuí do na beartais chuntasaíochta do chúinsí an Bhoird, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cibé acu ar nochtadh nó nár nochtadh iad go cuí réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

##### Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugtar seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2014 agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana 2014 sna ráitis airgeadais, a ullmháodh i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

Is í mo thuairim gur choimeád an Bhord leabhair chuí chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

##### Ábhair ar a dTuairiscim trí Eisceacht

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- Mura bhfuair mé an uile fhaisnéis agus mhíniúchán a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- Thug mé aon chás ábhartha faoi deara i m'iniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- Níl an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Bhoird comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- Ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird an Chóid Iompair le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- tugaim faoi deara gurb ann d'ábhair eile lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

**Patricia Sheehan**

**Le haghaidh agus thar ceann**

**An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste**

**An 17 Nollaig 2015**



# **An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe**

**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**

## **Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta**

### **1 Ábhar Ginearálta**

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997.

Láimhseálann an Bord achomhairc i gcoinne coinní an Aire maidir le ceadúnais do bharshaothraithe.

### **2 Bunús an Ullmhúcháin**

Réitítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhráithe cuntasaíochta, ach amháin mar a thugtar le fios thíos, agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta coitianta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Glactar le caighdeán tuairiscithe airgeadais arna moladh ag comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

### **3 Ioncam**

Aithnítear Táillí Achomhairc sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fáltais.

Léiríonn an t-ioncam ó Dheontais Oireachtais an fáltas airgid iarbhír sa tréimhse ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus íocaíochtaí sa bhliain ón Roinn maidir le foireann ar iasacht an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe.

### **4 Fostaithe agus Aoisliúntas**

Níl aon fhostaithe ag an mBord seachas an rúnaí atá ina bhall de scéim aoisliúntais caighdeánach na státseirbhíse. Dá réir sin níl aon dliteanas ar an mBord maidir le haoisliúntas.



# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

	Nótaí	2014 €	2013 €
<b>Ioncam</b>			
An Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara		170,909	187,878
Táillí Achomhairc		2,590	5,562
Breithiúnas Muir Gheal Teoranta		-	24,600
	<b>1</b>	<u>173,499</u>	<u>218,040</u>
<b>Ioncam Iomlán</b>			
		173,499	218,040
<b>Caiteachas</b>			
Pá agus tuarastail	<b>2</b>	62,691	60,865
Riarachán	<b>3</b>	121,019	154,679
		<u>183,710</u>	<u>215,544</u>
<b>Caiteachas Iomlán</b>			
		<u>183,710</u>	<u>215,544</u>
<b>Barrachas / (Easnamh) don bhliain</b>			
		<u>(10,211)</u>	<u>2,496</u>

Baineann torthaí na tréimhse le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 13 go dtí 15.

Thar ceann an Bhoird

Imelda Reynolds  
Cathaoirleach

Mary O'Hara  
Rúnaí an Bhoird

**An Bord Achomhairc um Cheadúnais**  
**Dobharshaothraithe**  
**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**  
**Clár Comhardaithe mar atá an 31 Nollaig 2014**

	Nótaí	2014 €	2013 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Sócmhainní Intadhaill	4	-	-
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	5	1,129	1,121
Banc agus Airgead Tirim	6	34,827	52,559
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	7	49,768	57,281
<b>Glandlíteanais</b>		<u>(13,812)</u>	<u>(3,601)</u>
<b>Maoinithe ag:</b>			
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	8	<u>(13,812)</u>	<u>(3,601)</u>
		<u>(13,812)</u>	<u>(3,601)</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 8 go dtí 10.

Thar ceann an Bhoird

Imelda Reynolds  
Cathaoirleach

Mary O'Hara  
Rúnaí an Bhoird

**An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe**  
**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**  
**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

<b>1. Tarraingt Anuas Ioncaim</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	€	€
An Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara. C9.4	150,000	160,000
An Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara. A10.7	20,909	27,878
Táillí Achomhairc	2,590	5,562
Breithiúnas Muir Gheal Teoranta	-	24,600
	173,499	218,040
	<hr/>	<hr/>
	<hr/>	<hr/>
<b>2 Pá agus Tuarastail</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	€	€
Tuarastal an rúnaí	20,909	27,878
Luach Saothair na gComhaltaí Boird	41,782	32,987
	<hr/>	<hr/>
	62,691	60,865
	<hr/>	<hr/>

Tá Rúnaí an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar iasacht ón Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara agus ní raibh aon aoisliúntas ná díolaíochtaí breise á fáil aige maidir lena ról mar Rúnaí ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. D'íoc an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an luach saothair agus na díolaíochtaí go léir agus d'asbhain sí gach costas ábhartha, lena n-áirítear an tobhach pinsín, óna tuarastal. I rith 2014 d'éirigh an tUasal Dymphna Keogh as a post agus ceapadh an tUasal Mary O'Hara.

Fuair na comhaltaí Boird an luach saothair agus an taisteal agus cothú seo a leanas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014:

	<b>Luach Saothair</b>		<b>Taisteal &amp; Cothabháil</b>	
	€		€	
	<b>2014</b>	<b>2013</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
An tUasal Mark O'Connell		8,149		
An tUasal Jim Power	5985	4,305		1,371
An tUasal Owen McIntyre	5985	1,404	552	367
An tUasal Sean Murphy	5985	5,985	882	-
An tUasal Lorcán Ó Cinnéide	5985	1,174	1349	1,530
			1200	-
Imelda Reynolds (Cathaoirleach)	6734	-	579	-
An tUasal Michael Sweeney	5985	5,985	739	1,448
An tUasal Brendan Brice	5123	5,985	1,440	1,772
	41,782	32,987	6,741	6,488
	<hr/>	<hr/>	<hr/>	<hr/>

<b>3 Costais Riaracháin</b>	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	€	€
Taisteal agus cothú	6,985	6,861
Soláthairtí oifige agus trealamh ríomhaire	-	567
Árachas	2,286	2,442
Teileafón	648	799
Táillí dlí agus gairmiúla	78,300	46,590
Táillí gairmiúla eile	23,093	62,390
Cuntasaíocht agus costais phárolla	4,919	7,380
Táillí iniúchóireachta	3,000	3,000
Muirir bainc	272	50
Foilseacháin/Fógraíocht	1,516	-
Soláthar Drochfhiacha	-	24,600
	121,019	154,679
	<hr/>	<hr/>
	<hr/>	<hr/>



**An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe**  
**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**  
**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**4 Sócmhainní Seasta**

Níl aon Sócmhainní Seasta ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. Is leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na Sócmhainní Seasta go léir.

**5 Féichiúnaithe**

	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	€	€
Muir Ghael Teoranta	-	24,600
Soláthar Drochfhiacha	-	(24,600)
Réamhfocaíochtaí	1,129	1,121
	1,129	1,121

**6 Banc agus Airgead Tirim**

	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	€	€
Cuntas reatha	34,824	52,556
Mionairgead	3	3
	34,827	52,559

**7 Creidiúnaithe**

	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	€	€
Creidiúnaithe/Fabhruithe	31,290	50,936
ÍMAT agus ÁSPC infíochta	4,260	4,395
PSWT infíochta	14,218	1,950
	49,768	57,281

**8 Cuntas Ioncaim agus Caiteachais**

	<b>2014</b>	<b>2013</b>
	€	€
Iarmhéid tugtha anonn amhail an 1 Eanáir 2014	(3,601)	(6,097)
Barrachas / (Easnamh) don tréimhse	(10,211)	2,496
Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2014	(13,812)	(3,601)

**9 Áitreabh Nóta**

Tá áitreabh ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ag Cúirt Choill Mhinsí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise. Is í an Oifig Achomhairc Talmhaíochta príomhthionónta an fhoirgnimh. Ní raibh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe dlite maidir le haon chíos, rátaí nó muirir seirbhíse gaolmhara in 2014.

**10 Leasanna Chomhaltaí an Bhoird**

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir na dtreoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Bhoird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana 2014.

**An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe  
Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014  
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**11 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

Rinne an Bord athbhreithniú ar na ráitis airgeadais an \_\_\_\_\_.